# AN BEI D'AON AMHARC

2024

An Banc Eorpach Infheistíochta

**An BEI d'Aon Amharc**

**© An Banc Eorpach Infheistíochta, 2024.**
98 -100, boulevard Konrad Adenauer
L-2950 Lucsamburg
+352 4379-1
info@eib.org
www.eib.org
twitter.com/eib
facebook.com/europeaninvestmentbank
youtube.com/eibtheeubank

Gach ceart ar cosaint.
Ba cheart gach ceist a bhaineann le cearta agus ceadúnú a chur chuig publications@eib.org.

Le tuilleadh eolais a fháil maidir le gníomhaíochtaí an BEI, téigh chuig ár láithreán gréasáin, www.eib.org.
Mar mhalairt air sin, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le info@eib.org.
Cláraigh le haghaidh ár ríomh-nuachtlitreach ag www.eib.org/sign-up.

© Creidiúintí grianghraf: Shutterstock, Artem Hetman/Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe san Úcráin, CTP, RocSys, Darcy Levison/EDS, VARJO.

Arna fhoilsiú ag an mBanc Eorpach Infheistíochta.
Arna chur i gcló ar pháipéar FSC®.

pdf: QH-02-23-327-GA-N ISBN 978-92-861-5698-4 doi: 10.2867/543714

# AN BEI D'AON AMHARC

Is é an Banc Eorpach Infheistíochta (an BEI) banc an Aontais Eorpaigh agus tá sé ar cheann de na soláthraithe maoinithe is mó dá bhfuil ann faoi chomhair an ghníomhaithe ar son na haeráide.

Ó cuireadh ar bun in 1958 muid, tá breis agus trilliún euro infheistithe ag an BEI i dtionscadail san Eoraip agus i dtíortha ar fud na cruinne. Cé go bhfuil an gníomhú ar son na haeráide ina chuid mhór dá ndéanaimid, táimid dírithe chomh maith ar réimsí amhail comhshaol, forbairt, nuálaíocht agus scileanna, gnóthais bheaga agus mheánmhéide, bonneagar agus comhtháthú.

Déanann an Ciste Eorpach Infheistíochta (an CEI), atá ina chuid de Ghrúpa an BEI, sainfheidhmiú ar thacú le fiontair bheaga agus mheánmhéide, rud a dhéanann sé trí mhaoiniú a chur ar fáil dóibh faoi chomhair gnólachtaí nua, fáis, nuálaíochta, taighde agus forbartha, fostaíochta agus forbairt réigiúnach.

Oibríonn an BEI as lámha a chéile le hinstitiúidí eile den Aontas Eorpach d'fhonn lánpháirtiú na hEorpa a chothú, forbairt an Aontais a chur chun cinn agus tacú le beartais an Aontais. Tugann na hinfheistíochtaí a dhéanaimid tíortha an Aontais Eorpaigh níos gaire dá chéile.

Táimid ag obair i mbreis agus 160 tír, roinnt acu taobh amuigh den Eoraip. Trí BEI Domhanda, a cuireadh ar bun in 2022 d'fhonn tionchar ár gcuid maoinithe forbartha a mhéadú, déanaimid ár gcion féin le dul i ngleic le dúshláin dhomhanda agus le fás agus deiseanna a chothú i ngach cearn den domhan.

# ÁR dTIONCHAR IN 2023

**€320 billiún**
Luach na n-infheistíochtaí ar thacaigh Grúpa an BEI leo

**€87.85 billiún**
Luach an mhaoinithe ó Ghrúpa an BEI

**€49 billiún**
Luach an mhaoinithe ghlais

**€49.8 billiún**
An luach a tiomsaíodh ar na margaí bannaí

**€20 billiún**
An luach a chuaigh go gnóthais bheaga agus mheánmhéide

**€26.8 billiún**
An luach a chuaigh go fuinneamh inbhuanaithe agus acmhainní nádúrtha

**€19.76 billiún**
An luach a chuaigh go nuálaíocht, teicneolaíocht dhigiteach agus eolas

**5.4 milliún**
Líon na bpost do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide

**4.9 milliún**
Líon na ndaoine atá ag ól uisce níos sábháilte

## Ba é €75.14 billiún maoiniú iomlán an BEI in 2023, €8.44 billiún ó BEI Domhanda san áireamh

**13.8 milliún**

Líon na dteaghlach a bhfuil cumhacht acu

**17.3 milliún**

Líon na ndaoine atá ag baint tairbhe as bonneagar feabhsaithe

**11.6 milliún**

Líon na síntiús 5G

**254 milliún**

Líon na dturas sa bhreis ar chórais iompair phoiblí

**1.5 milliún**

Líon na ndaoine a cosnaíodh in aghaidh tuilte

**21 700 MW**

Acmhainn giniúna leictreachais in-athnuaite

**42 988 km**

Líon na línte cumhachta a tógadh nó a uasghrádaíodh

**13 milliún**

Líon na méadar cliste a suiteáladh

**130.6 milliún**

Líon na ndaoine atá ag fáil seirbhísí sláinte níos fearr, lena n-áirítear vacsaíní


Athosclaíodh coimpléasc spóirt agus athshlánúcháin Kolos do dhaoine faoi mhíchumas i mBealtaine 2023 in Reshetylivka na hÚcráine tar éis tionscadal ollmhór atógála a fuair tacaíocht ón BEI.

# TACAÍOCHT DON ÚCRÁIN

Tá daoine san Úcráin ag fulaingt go millteanach, tá scrios á dhéanamh ar bhonneagar, ar bhailte agus ar phobail, agus tá an geilleagar curtha ó rath ó thosaigh ionradh lánscála na Rúise ar an tír. Seasann an BEI gualainn ar ghualainn le húdaráis agus le muintir na hÚcráine. Tacaímid le ceart na hÚcráine chun bheith neamhspleách.

Mar chuid de fhreagairt chomhordaithe an Aontais Eorpaigh agus an phobail idirnáisiúnta ar an ngéarchéim seo, chuir an Banc tacaíocht airgeadais ar fáil trí Phacáiste Dlúthpháirtíochta an BEI don Úcráin d'fhonn cabhrú leis an rialtas dúshláin leachtachta a shárú ar bhonn práinne agus, ar an gcaoi sin, a chinntiú go mbeadh fáil ag muintir na hÚcráine ar bhia, soláthairtí leighis agus breosla go fóill.

Chuir an BEI cúnamh ar fáil in 2023 faoi Chiste 'AE ar son na hÚcráine' go príomha, ciste arb aidhm leis cabhair a chur ar fáil i ngach earnáil, lena n-áirítear infheistíocht caipitil fiontair don earnáil phríobháideach.

Gheall Ballstáit an Aontais Eorpaigh ní ba mhó ná €400 milliún don chiste sin de chuid an BEI le haghaidh earnálacha amhail sláinte, iompar, oideachas, cibearshlándáil, bonneagar sóisialta ríthábhachtach agus an earnáil phríobháideach.

Ar chúnamh eile atá tugtha ag an BEI don Úcráin tá:

- ráthaíocht ón AE a lig don Bhanc maoiniú €100 milliún a chur ar fáil i gcomhair téarnamh tapa, i.e. deisiúcháin bhardasacha agus deisiúcháin ar bhonneagar fuinnimh;

- luach €100 milliún de chúnamh comhairleach agus teicniúil ó airgead an BEI féin le cabhrú leis an Úcráin tionscadail téarnaimh a ullmhú.




**Tá an comhlacht lóistíochta CTP ag cur líon dochreidte grianphainéal ar dhíonta a shaoráidí d'fhonn costais agus astaíochtaí a laghdú dá chuid tionóntaí. Thacaigh an BEI le CTP in 2023 le hiasacht €200 milliún.**

# AERÁID AGUS FUINNEAMH

Is an t-athrú aeráide an dúshlán domhanda is mó atá le sárú ag ár nglúin. Is é fírinne an scéal go mbraithfidh folláine ár leanaí ar cibé acu a éireoidh linn na spriocanna aeráide a bhaint amach nó nach n-éireoidh. Tá spriocanna aeráide agus fuinnimh an BEI ag ardú na gcaighdeán san Eoraip agus níos faide i gcéin. Ní thacaímid le tionscadail a bhaineann le breoslaí iontaise, agus téann níos mó ná 50% dár gcuid infheistíochtaí chuig an ngníomhú ar son na haeráide agus chuig an inbhuanaitheacht.

Tacaíonn infheistíochtaí an BEI leis an aistriú glas. Mar bhanc aeráide an Aontais Eorpaigh, tá an BEI ag déanamh a chion féin le gealltanais Chomhaontú Pháras— an conradh idirnáisiúnta ar an athrú aeráide — agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chomhlíonadh. Thugamar ár bhfocal go ndéanfaí €1 trilliún a infheistiú ar son na haeráide agus an chomhshaoil faoin mbliain 2030, agus tá an chuma ar an scéal anois go n-éireoidh linn an sprioc sin a bhaint amach gan stró.

Cuireann oibríochtaí an BEI dlús le fás glas agus le dícharbónú geilleagar. Tacaímid le tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh agus fuinnimh in-athnuaite, rudaí a dhéanann a gcuid féin le hastaíochtaí carbóin a laghdú agus lenár slándáil ó thaobh fuinnimh de a neartú.

Déanann infheistíochtaí de chuid an BEI a gcuid féin freisin le dul i ngleic le héifeachtaí an athraithe aeráide ar phobail leochaileacha, le bithéagsúlacht a chosaint agus leis an bhfeirmeoireacht inbhuanaithe a chur chun cinn. Déanaimid acmhainní nádúrtha a chaomhnú agus cosnaímid an comhshaol do na glúnta atá le teacht.

Gach uile thionscadal a dtacaíonn an BEI leis, bíodh sé i réimsí na nuálaíochta, na ngnóthas beag nó an bhonneagair, caithfidh sé a bheith ag teacht lenár spriocanna aeráide. Tugaimid tacaíocht do thionscadail a chosnóidh an comhshaol do na glúnta atá le teacht, fiú agus muid i mbun nuála freisin sa chaoi go mbeidh saol níos rathúla i ndán do na glúnta sin.




**Fuair comhlacht san Ísiltír darb ainm Rocsys iasacht €18 milliún ón BEI in 2023 le trealamh géige róbait a fhorbairt le cáblaí luchtaithe a nascadh le feithiclí, rud a dhéanann sé trí úsáid a bhaint as braiteoirí tadhaill le haithris a dhéanamh ar ghníomhartha daonna.**

# AN NUÁLAÍOCHT

Is í an nuálaíocht an bheatha taobh istigh de dhul chun cinn an tsaoil. Feabhsaíonn sí folláine, spreagann rath agus téann chun sochair do na glúnta atá le teacht. Braitheann fás geilleagrach agus fostaíocht go mór uirthi.

Caitheann Grúpa an BEI dúthracht le bacainní infheistíochta a shárú agus le cabhrú leis an Aontas Eorpach a bheith chun tosaigh sa chéad ghlúin nuálaíochta eile. Coinníonn an nuálaíocht an Eoraip iomaíoch agus cruthaíonn poist ardluacha, leis. Tacaíonn an BEI le céimeanna iomadúla na nuálaíochta d'fhonn borradh a chur faoi na smaointe a fheabhsaíonn caighdeáin mhaireachtála.

Tacaímid le taighde agus forbairt ar an mórchóir, mar aon le sainghnólachtaí beaga. Nuair a dhéanaimid infheistíocht i dtionscadail in earnálacha amhail teileachumarsáid, eitlíocht, leigheas agus digitiú, mealltar tuilleadh maoinithe ón earnáil phríobháideach chun na dtionscadal sin.

Le hiasachtaí ón BEI, is féidir le hollscoileanna saoráidí taighde a thógáil agus a fhorbairt. Is féidir le gnólachtaí nuathionscanta cur lena bhfoireann agus a gcuid trealaimh a fheabhsú. Is féidir le gnólachtaí leas a bhaint as na smaointe ceannródaíocha atá acu.



In 2023, chabhraigh iasacht €1 mhilliún ón BEI le hobair dheisiúcháin ar Scoil V.I. Vernadskyi in Oblast Poltava, an Úcráin.

# AN tIONCHUIMSIÚ

Tugann an BEI cumhacht do ghnólachtaí beaga agus do dhaoine óga, agus tacaíonn le banfhiontraithe teacht a bheith acu ar iasachtaí agus ar chóitseáil. Cuirimid ar chumas daoine ar ioncam íseal, daoine féinfhostaithe agus micrifhiontar teacht ar mhaoiniú agus ar chomhairle ghnó lena chinntiú go n-éireoidh lena dtionscadal.

Tá an BEI tar éis cur leis an tacaíocht a thugann sé d'institiúidí áitiúla micreamhaoiniúcháin i réigiúin is iondúil nach mbíonn fáil ar bith ag daoine ar bhainc. Nuair is féidir le daoine creidmheas a fháil, fostaíonn gnólachtaí níos mó oibrithe, faigheann mná neamhspleáchas, laghdaítear fadhb an díláithrithe agus cumasaítear do theaghlaigh éalú ón mbochtaineacht.

Déanaimid ár gcion féin lena chinntiú nach bhfágtar aon duine ar gcúl. Cuirimid tithe atá slán sábháilte agus tíosach ar fhuinneamh ar fáil do dhaoine ar ioncam íseal. Cruthaíonn ár n-infheistíochtaí deiseanna ar fud an domhain do phobail tuaithe, agus do mhná agus do leanaí.



**Cheadaigh an BEI iasacht €750 milliún i Meán Fómhair 2023 chun beagnach 22 ciliméadar de línte traenach comaitéireachta i gCathair Alastair a athchóiriú, chomh maith le carráistí nua a fháil, stáisiúin a athchóiriú agus innill díosail a athrú ina gcórais leictreacha.**

# TIOMANTAS AGUS SAINEOLAS I dTREO NA hINBHUANAITHEACHTA

Tá an Banc Eorpach Infheistíochta cuntasach do shaoránaigh an Aontais Eorpaigh. Tacaíonn sé le tionscadail a chuireann tosaíochtaí agus cuspóirí an Aontais Eorpaigh chun cinn, lena n-áirítear inbhuanaitheacht aeráide agus chomhshaoil; nuálaíocht agus scileanna; bonneagar; fiontair bheaga agus mheánmhéide; comhtháthú; agus forbairt.

Tá idir eacnamaithe, innealtóirí, anailísithe airgeadais agus speisialtóirí aeráide ar ár bhfoireann, a oibríonn gach lá le saineolaithe, institiúidí agus rialtais áitiúla ar fud na cruinne.

Tá an BEI neamhspleách ó thaobh airgeadais de agus eisíonn bannaí ar na margaí caipitil idirnáisiúnta chun airgead a thiomsú. Fágann an rátáil chreidmheasa den scoth atá againn go n-éiríonn linn airgead a thiomsú ar rátaí maithe, agus gur féidir linn na buntáistí sin a chur ar aghaidh chuig ár gcuid cliant ansin.

Is iondúil nach dtugaimid níos mó ná leath de chostas an tionscadail ar iasacht. Tá tacaíocht an BEI deartha leis an earnáil phríobháideach a spreagadh chun bheith páirteach agus, ar an gcaoi sin, tuilleadh airgid fós a mhealladh isteach.

Is iad saineolaithe margaí caipitil de chuid an BEI a cheap agus a d’fhorbair an chéad mhargadh riamh le haghaidh bannaí glasa agus inbhuanaithe. Táimid ar an eisitheoir fornáisiúnta bannaí glasa is mó ar domhan, agus tacaíonn na bannaí sin le fuinneamh in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh, uisce glan agus sláintíocht.



**In 2023, chuaigh an BEI i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach agus le Fondúireacht Bill & Melinda Gates le híoc as vacsaíní póilió do bheagnach 370 milliún leanbh gach bliain san Afraic.**

# BEI DOMHANDA

Is domhanda atá dúshláin agus deiseanna móra an lae inniu toisc go bhfuil ár ngeilleagair uile idirnasctha. Cuireann rathúnas i réigiún amháin rathúnas chun cinn i ngach áit.

Baineann BEI Domhanda, eite forbartha an BEI, leas as acmhainní uile an Bhainc lena chuid oibríochtaí lasmuigh den Aontas Eorpach a chur chun cinn. Tá sé deartha chun comhpháirtíochtaí láidre, dírithe a chothú le Foireann na hEorpa, atá comhdhéanta de Bhallstáit agus institiúidí rialtais agus airgeadais an Aontais Eorpaigh.

Mar chuid d'Fhoireann na hEorpa, tacaímid leis an Tairseach Dhomhanda, is straitéis Eorpach le hinfheistíocht a dhéanamh i dtionscadail inbhuanaithe ar ardchaighdeán ar fud an domhain a bheidh go maith do dhaoine agus don phláinéad araon.

Tá gach cosúlacht ar an scéal anois go mbeidh BEI Domhanda taobh thiar d'aon trian ar a laghad den infheistíocht €300 billiún a raibh sé mar aidhm ag an Tairseach Dhomhanda a spreagadh faoi 2027. Tacóidh sé sin le tionscadail atá dírithe ar an digitiú, rud a dhéanfaidh a chion féin le dúshláin a shárú i réimsí an athraithe aeráide, an fhuinnimh ghlain, an chúraim sláinte, an oideachais agus an iompair.

Tugann BEI Domhanda níos gaire do dhaoine, do chomhlachtaí agus d'institiúidí áitiúla muid le gur féidir linn saineolas earnála an BEI a chomhroinnt agus comhairle neamhspleách a chur ar fáil. Is féidir na seirbhísí comhairleacha sin a chur ar fáil i dteannta táirgí airgeadais de chuid an Bhainc, ach is féidir iad a chur ar fáil neamhspleách ar aon mhaoiniú chomh maith.

Oibríonn BEI Domhanda trí chomhar éifeachtúil lenár gcuid comhpháirtithe agus tairbhithe, le hinstitiúidí maoinithe fobraíochta, agus leis an tsochaí shibhialta. Bun agus barr an scéil? Is mó thionchar ár gcuid maoinithe.



Is éard atá i nGrúpa an BEI ná an Banc Eorpach Infheistíochta (an BEI) agus an Ciste Eorpach Infheistíochta (an CEI).

Is é an BEI banc an Aontais Eorpaigh. Tá sé ar cheann de na hiasachtaithe agus na hiasachtóirí iltaobhacha is mó dá bhfuil ann. Cé gur i Lucsamburg atá an Banc lonnaithe, tá líonra oifigí áitiúla agus réigiúnacha aige ar fud na hEorpa agus níos faide ó bhaile.

Tacaíonn an CEI le gnólachtaí beaga teacht a bheith acu ar mhaoiniú san Eoraip agus i roinnt tíortha taobh amuigh den Aontas Eorpach. Déanann an CEI caipiteal fiontair agus fáis, urrúis agus ionstraimí micreamhaoiniúcháin a dhearadh agus a fhorbairt d'fhonn nuálaíocht agus fostaíocht a chur chun cinn.

Is é BEI Domhanda eite forbartha idirnáisiúnta an BEI. Caitheann sé dúthracht le maoiniú a chur ar fáil ar son an ghníomhaithe ar son na haeráide, na nuálaíochta agus na hinbhuanaitheachta ar fud an domhain.

01/2024 GA pdf: ISBN 978-92-861-5698-4